

4 STAIR

BILEOGA OIBRE 4A - 4G

BILEOGA OIBRE AN DALTA

BILEOG OIBRE 4A: Peileadóirí i mbun Gnímh




BILEOG OIBRE 4B: Páirc an Chrócaigh



BILEOGA OIBRE AN DALTA

BILEOG OIBRE 4C: Bunú an CLG

An 1 Samhain 1884 tháinig seachtar fear le chéile in Óstán Hayes i nDurlas Co. Thibraid Árann chun Cumann Lúthchleas Gael a bhunú. Ba iad an seachtar fear ná Mícheál Ó Cíosóg, Maurice Davin, John Wyse Power, John McKay, J.K. Bracken, Joseph O Ryan agus Thomas St. George McCarthy. Bhí imirce agus bochtanas go forleathan ar fud na tíre mar thoradh ar an ngorta mór sna 1840í agus bhí athbheochan ar nósanna agus traidisiúin na hÉireann ag teastáil go géar.



Mícheál Ó Cíosóg

D'éagraigh Michael Cusack an cruinniú agus ba é Maurice Davin a toghadh ina chéad uachtarán CLG ag an gcruinniú. Bheartaigh siad freisin ord agus struchtúr a thabhairt do chluichí Gaelacha. Taobh istigh de shé mhí den chruinniú tábhachtach seo, tosaíodh ar chlubanna a bhunú ar fud na hÉireann de réir mar a thosaigh daoine ag imirt iománaíochta agus peile Gaelaí agus ag glacadh páirte in eachtraí lúthchleasaíochta agus iad ag déanamh ionadaíochta ar son a bparóiste. Scriobhadh sraith rialacha d'iománaíocht agus do pheil Ghaelach ag cruinniú i mí Eanáir 1885 agus foilsíodh ansin iad i nuachtán darbh ainm *The United Irishmen*. Reáchtáladh an chéad chraobhchomórtas Uile-Éireann in 1887, ina raibh cúig chontae san iomaíocht san iománaíocht agus ocht gcontae sa pheil. Ghnóthaigh Tiobraid Árann an chéad chraobhchomórtas in iománaíocht agus ba é Luimneach na chéad seaimpíní sa pheil. Ba iad an Dr. Cróc – Ardeaspag Chaisil, Mícheál Mac Dáibheid agus Charles Stewart Parnell céad **phatrúin** an CLG. D'éagraigh an CLG eachtraí lúthchleasaíochta ar fud na tíre go dtí 1925 nuair a ghéill siad smacht.

Chinntigh bunú an CLG gur tháinig an-tóir ar spóirt **dúchasacha** na hÉireann. In 1893 bunaíodh Conradh na Gaeilge chun an teanga Ghaeilge a athbheochan mar aon le ceol agus rince na hÉireann. Tá os cionn 2000 club ag an CLG inniu ar fud na tíre mar aon le go leor clubanna in áiteanna eile ar fud an domhain. Ba eisimircigh Éireannacha a chuir fúthu sna tíortha éagsúla a bhunaigh na clubanna seo chun cabhrú leo a n-oidhreacht Ghaelach a choinneáil fad is a bhí siad thar lear.

Ceisteanna

1. Cé a d'éagraigh an cruinniú in Óstán Hayes? _____
2. Cé hiad na fir eile a bhí ag an gcruinniú? _____
3. Cé a bhí ina chéad uachtarán ar an CLG? _____
4. Ainmnigh céad phatrúin an CLG. _____
5. Conas a dhéantar cuimhneachán ar Mícheál Ó Cíosóg agus ar an Ardeaspag Cróc inniu? _____
6. Cén uair ar scríobhadh rialacha an CLG agus conas a foilsíodh iad? _____
7. Cé a ghnóthaigh an chéad chraobhchomórtas Uile-Éireann sa pheil? _____

Aimsigh an t-eolas

1. Cé atá ina uachtarán ar an CLG faoi láthair? _____
2. Cé a ghnóthaigh na chéad chraobhchomórtais Uile-Éireann in 1888? _____
3. Cé hiad Charles Stewart Parnell agus Mícheál Mac Dáibhéid agus cén ról a bhí acu i stair na hÉireann? _____
4. Cé a d'éagraigh lúthchleasaíocht in Éirinn i ndiaidh 1925? _____
5. Faigh amach an bhrí atá ag na focail atá **i gcló iodálach**. _____

BILEOG OIBRE 4D: Cén bunús a bhí ag iománaíocht?

Tráth dá raibh, thart ar an aonú haois déag, bhí gabha ann darbh ainm Culann mar aon le rí darbh ainm Concúbhair. Lá amháin, bheartaigh an gabha féasta mór a eagrú. Thug sé cuireadh don Rí agus do go leor cairde eile. D'oibrigh ógánach darbh ainm Setanta don Rí. Tugadh cuireadh dó sin chuig an bhféasta freisin. Ach bhí Setanta ag imirt cluiche iománaíochta agus mar sin bheadh sé déanach ag dul chuig an bhféasta.

Nuair a tháinig an Rí Concúbhair chuig an bhféasta, bhí taispeántas álainn bia ann. Bhí arán ann, mar aon le turcaí, feoil, iasc, fíon agus rudaí eile nach iad. Bhí an Rí chomh sásta sin go ndearna sé dearmad glan ar Setanta. Nuair a d'fhiafraigh Culann dá aíonna an raibh gach duine i láthair, d'fhreagair siad uile go raibh. Nuair a chuala sé é sin, chuir Culann a madra is fearr a bhí aige in aice leis an doras mar gharda.

Roinnt ama ina dhiaidh sin, chríochnaigh cluiche Setanta. Bhí an bua faighte ag foireann Setanta agus d'imigh sé leis go sásta chuig féasta Chulainn agus é ag preabadh an tsliotair ar a chamán. Agus é ag siúl an bealaigh, rug Setanta roinnt éisc don fhéasta mar aon le sicín. Ach nuair a tháinig sé chomh fada leis an doras, bhí an madra mór a bhí ann mar gharda ag fanacht leis. Go tobann, léim an madra i dtreo Shetanta agus thriail sé é a ionsaí. Rug Setanta ar a shliotar, chaith sé suas san aer é agus bhuail sé é chomh crua is a bhí sé in ann. Chuaigh an sliotar díreach isteach i scornach an mhadra agus mharaigh sé é.

Nuair a chuala na haíonna an clampar, rith siad amach faoi dheifir go bhfeicfidís céard a bhí tarlaithe. Bhí áthas an domhain ar Chulann go raibh Setanta slán ach bhí díoma air go bhfuair a mhadra bás. Dúirt Setanta go mbeadh SÉ ina gharda do chaisleán Chulainn go dtí go bhfaigheadh Culann madra nua. Is í an Ghaeilge atá ar chú ná 'cú', agus mar sin ón lá sin ar aghaidh, Cú Chulainn an t-ainm a tugadh ar Shetanta.

1. Déan liosta de na mothúcháin a bhí ag Setanta ag amanta éagsúla sa scéal seo. Scríobh síos an eachtra sa scéal a thug na mothúcháin seo dó agus an fáth a bhí leo.

2. Déan léiriú ar an radharc is fearr leat ón scéal seo agus mínigh cén fáth gurb é an seo an ceann is fearr leat.

3. Déan clár scéil chun an finscéal thuas a léiriú: Fill do leathanach in ocht mír, tarraing pictiúr agus scríobh abairt amháin faoi gach pictiúr.

4. Inis an scéal arís in bhur ngrúpaí.

5. Aimsigh scéalta faoi Chú Chulainn agus léigh iad.


BILEOG OIBRE 4E: Domhnach na Fola

Tréimhse anchorraitheach ab ea na 1920í in Éirinn. Cuireadh go leor cluichí iomaíocha de chuid an CLG ar fionraí de bharr na dtrioblóidí. Bhí ráflaí cloiste ag Tiobraid Árann gur cheap Áth Cliath gurbh iad féin an fhoireann peile ab fhearr. Bheartaigh foireann peile Thiobraid Árann dúshlán a thabhairt d'fhoireann peile Átha Cliath cluiche a imirt. Bhí an cluiche le himirt ar an Domhnach, 21 Samhain 1921.

Bhí eachtraí eile chun tarlú ar an lá seo, áfach, a chinnteodh nach ndéanfaí dearmad ar an dáta seo ar chúis eile. Bhí ordú tugtha ag Mícheál Ó Coileáin, ceannaire de chuid fhórsaí réabhlóideacha na hÉireann, go marófaí 'Drong Cairo'. Ceithre oifigeach déag de chuid fhórsaí faisnéise na Breataine ab ea Drong Cairo agus cuireadh go hÉireann iad chun iad féin a chur faoi cheilt agus spiadóireacht a dhéanamh ar eagraíocht Uí Choleáin. Maraíodhin áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath an mhaidin Domhnaigh seo iad.

Bhí an-fhearg ar Arm na Breataine agus gheall siad díoltas láithreach. Chaith duine de na hoifigigh bonn san aer chun an cinneadh a dhéanamh a ndíoltas a bhaint amach trí dhul ar ruathar marfach i bPáirc an Chrócaigh nó ar Shráid Uí Chonaill. Bhí deich míle duine ag freastal ar an gcluiche i bPáirc an Chrócaigh. Ba é Mick Sammon ó Chill Dara an réiteoir agus chaith sé isteach an liathróid ag 2.45in. Mar a bhí pleanáilte ag saighdiúirí na Breataine, chuaigh eitleán thar Pháirc an Chrócaigh agus scaoil sé bladhm dhearg. Ba é seo an comhartha do na Dúchrónaigh tús a chur lena n-ionsaí.

Theith an slua agus na himreoirí ó na gunnaí agus eagla an domhain orthu. Mar sin féin, scaoileadh agus maraíodh duine d'imreoirí Thiobraid Árann darbh Mícheál Ó Ógáin. Rinne fear óg as Loch Garman iarracht paidir dheireanach a rá i gcluas Mhichíl nuair a bhí sé ag fáil bháis ach scaoileadh agus maraíodh é siúd freisin. I measc na ndaoine eile a maraíodh bhí cailín, Jeannie Baker, a bhí le pósa dh 5 lá ina dhiaidh sin, agus a bhí ag a gcluiche in éineacht lena fiancé. Maraíodh John Scott a bhí 14 bliain d'aois, agus beirt pháistí eile a bhí 10 agus 11 bliain d'aois freisin. Maraíodh ceithre dhuine dhéag i bPáirc an Chrócaigh an lá sin agus gortaíodh seasca-trí. Tugadh Domhnach na Fola ar an lá seo mar gheall ar an méid daoine a maraíodh ar an dá thaobh.



Mícheál Ó Ógáin

1. Cad ba chúis le Domhnach na Fola? (Cad bhí tar éis tarlú díreach roimhe sin?)

2. Conas a d'fhéadfaí a leithéid de thragóid a sheachaint?

3. Céard iad na mothúcháin a bheadh ag fiancé Jeannie Baker?

4. Conas a dhéantar cuimhneachán ar Mhícheál Ó Ógáin i bPáirc an Chrócaigh inniu?

5. Pléigh an chaoi a bhféadfadh daoine eile breathnú ar ghníomhartha Mhícheál Ó Coileáin i ndiaidh Dhomhnach na Fola.

6. Déan taighde ar Mhícheál Ó Coileáin agus déan taifead ar eachtraí suntasacha a shaoil ar an amlíne

7. Aimsigh cuntas eile ar eachtra Dhomhnach na Fola agus cur i gcomparáid leis an gceann thuas é.

BILEOG OIBRE 4F: Amlíne Iománaíochta

11ú céad: Miotas Setanta (an chéad taifead scríofa ar an iománaíocht)
Bhí an-tóir uirthi i measc na ríthe agus na n-uaisle.

Tasc: An féidir leat miotas nó finscéal eile a aimsiú ina ndéantar tagairt d'iománaíocht?
Scríobh faoi i do chóipleabhar.

12ú céad: Tagann na Normannaigh agus glacann siad cluiche na hiománaíochta chucu féin.
Tá an-suim acu ann.

1366: Cuireadh cosc ar iománaíocht faoi Reachta Chill Chainnigh

1631: Bhí iománaíocht chomh coitianta sin gur cuireadh fineáil de 40 scilling ar éinne a bhí ag iománaíocht ar na sráideanna i gCorcaigh.

Tasc: An féidir leat pictiúr de scilling a aimsiú? Cad iad na boinn a bheadh ag teastáil chun 40 scilling a dhéanamh?

17ú céad: Níl mórán tagairtí d'iománaíocht mar gheall ar chathanna tromchúiseacha cosúil le Cath Cionn tSáile agus Cath na Bóinne.

Tasc: An féidir leat fáil amach faoi Chath Chionn tSáile agus Cath na Bóinne? An bhfuil tú in ann na háiteanna ar tharla siad a aimsiú ar an mapa?

18ú céad: Ré Órga na hIománaíochta. Fógraíodh cluichí ag an am seo agus go minic tugadh airgead mar dhuais do na buaiteoirí.

Éirí Amach 1798: Lagaíonn sé iománaíocht

An tAcht Aontais 1800: Cailleann iománaíocht tuilleadh tacaíochta airgeadais agus sóisialta.

19ú céad: Bhí Cúige Uladh chomh dian sin maidir leis an tSabóid gur cuireadh deireadh le hiománaíocht ar an Domhnach. Sa deisceart, bhí an cluiche á imirt i gcónaí ach ní raibh i gceist ach grúpaí beaga daoine.

Tasc: Aimsigh Cúige Uladh ar mapa. Cuir lipéad air.

An Gorta Mór 1845: Bhí ocras agus imirce forleathan. Ní raibh tábhacht le spórt a thuilleadh.

1869: Leagadh amach an chéad sraith rialacha chun iarracht a dhéanamh an cluiche a choinneáil beo. Fea darbh ainm Pat Larkin as Cill Tormair a leag amach na rialacha.

Tasc: Tá Cill Tormair suite i gCill Íomair i gCo. na Gaillimhe. An féidir leat é a aimsiú ar mhapa d'Éirinn? Cuir lipéad air.

1879: Bunaíodh Aontas Iománaíochta na hÉireann i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí Mícheál Ó Cíosóg, ar mhúinteoir as Co. an Chláir é, ina chónaí i mBaile Átha Cliath, agus bhí spéis aige in athbheochan na hiománaíochta.

Tasc: Aimsigh Co. an Chláir agus Baile Átha Cliath ar mhapa. Cuir lipéad orthu.

1883: Thosaigh Mícheál Ó Cíosóg ag eagrú cluichí i bPáirc an Fhionnuisce agus bunaíodh an 'Metropolitan Hurling Club'.

1884: CLG. Bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael

1885: Ghlac an CLG leis an gcéad dréacht de rialacha na hiománaíochta

1904: Bunaíodh an Cumann Camógaíochta

4 STAIR

BILEOGA OIBRE 4A - 4G

BILEOGA OIBRE AN DALTA

BILEOG OIBRE 4G: Amlínte

Tasc: Déan amlíne ag léiriú na ndátaí agus na n-eachtraí tábhachtacha i stair an CLG

Dáta

Eachtra